





# >> LE HIMEACHTAÍ MAISTÍNEACHTA AGUS SCRÚDÚ POLASAITHE NA FRITHMHAISTÍNEACHTA A THUAIRISCIÚ

**Le himeachtaí maistíneachta a thuairisciú**

Níl ann ach dea-ghnás ball foirne a roghnú a bheith freagrach as polasaithe frithmhaistíneachta a léirmheas is a thuairisciú. Is féidir imeachtaí maistíneachta a thuairisciú ar leabhar tuairiscí nó ar chártaí imeachtaí agus is féidir clár imeachtaí a chur ar bun le drochiompar a scrúdú. Sa dóigh seo cruthaítear taifead cuimsitheach le cur in iúl don mhaistín go bhfuil daoine ar a n-airdeall.

Cé gur léir ón taighde, áfach, go dtugann na daltaí faoi deara póstaeir fhrithmhaistíneachta agus go bhfuil a fhios acu cé hé(í) an t-oifigeach frithmhaistíneachta (Schubotz and Sinclair 2006) b'fhéidir nach mbainfidís leas as mogalra tacaíochta na scoile. Sa chás seo, braitear nach n-oibríonn an scéim i gceart (Stanton 2002) nó nach ngearrtar an pionós ceart ar na maistíní (Davey et al 2004).

Thairis sin, ní fhiafraítear de na daltaí faoina dtuairimí féin ar an dóigh is fearr le himeachtaí maistíneachta a rianú agus ar na bealaí éagsúla atá in úsáid le theacht ar réiteach. Dá bharr sin, tá an deis caillte le haiseolas na ndaltaí a úsáid leis na dúnghaoisí agus na nósanna imeachta a fheabhsú.

Dá bharr sin, molaimid go ndéanann na múinteoirí agus na daltaí scoile léirmheas ar an dúnghaois fhrithmhaistíneachta leis na laigí agus na láidreachtaí a iniúchadh. Cuireann an taighde in iúl dúinn gurb iad na dúnghaoisí sin a ndéantar léirmheas orthu agus a fheabhsaítear de réir sin ar na polasaithe is éifeachtaí (Schubotz and Sinclair 2006). Mar sin, is féidir le múinteoirí agus daltaí suirbhé iarimeachta a dhéanamh le cur in iúl do na daltaí go bhfuil an scoil i lándáiríre agus í ag iarraidh stop a cur le maistíneacht.

**Straitéisí frithmhaistíneachta a léirmheas**

Molann NICCY gur chóir an t-am a chur ar fáil do mhúinteoirí is do dhaltaí leis an pholasí fhrithmhaistíneachta a léirmheas.

**An rud a chiallaíonn sé:**

**Céim 1: An fhadhb a ardú**

Ní mór do scoileanna a dtiomantas féin le stop a chur le maistíneacht a fhógairt le húsáid a bhaint as na straitéisí frithmhaistíneachta atá le fáil san fhillteán acmhainní nó ar na suite molta gréasáin.

**Céim 2: Polasaí a chruthú**

Ba chóir an deis a cur ar fáil do na daltaí, do na múinteoirí, don bhainistíocht agus do na baill de bhord bainistíochta scoile teacht ar shainmhíniú den téarma 'maistíneacht' agus bealaí éagsúla a mholadh le dul i ngleic léi ina scoil féin.

NICCY
northern ireland commissioner for children and young people




# >> LE HIMEACHTAÍ MAISTÍNEACHTA AGUS SCRÚDÚ POLASAITHE NA FRITHMHAISTÍNEACHTA A THUAIRISCIÚ




### Céim 3: Treoirlínte

Ba chóir don dúnghaois inghlactha fhrithmhaistíneachta treoirlínte soiléire a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí faoi na gníomhartha a ghlacadh agus na straitéisí tacaíochta a chur ar fáil don íospartach agus don mhaistín i gcás maistíneachta. Ba chóir réim leanbaí theanga a úsáid sa pholasaí agus ba chóir an pholasaí sin a chrochadh sna conairí scoile, sna seomraí ranga agus é a chur taobh istigh de na dialanna obair bhaile le chur in iúl go feiceálach nach gcuirtear suas le maistíneacht.

### Céim 4: Ag fógairt

Ba chóir Colláisí frithmhaistíneachta, boscaí molta ar a bhfuil 'Cosc ar mhaistíneacht' agus eolas ar líne chuidithe fhrithmhaistíneachta a chur ar taispeáint sa scoil. Thairis sin, ba chóir do na múinteoirí leas a bhaint as na teachtaireachtaí ar na taispeántais seo nuair a phléitear ábhair mar shampla, cairdeas, saoránacht, foréigean sna meáin agus athmhuintearas.

### Céim 5: Ag éisteacht

Ba chóir comhairle scoile a chur ar bun le guth a chur ar fáil do na daltaí lena n-údair imní féin agus a gcuid moltaí leis an scoil a fheabhsú, a chur in iúl. Ba chóir do na daltaí ar baill den comhairle seo iad a spreagadh a bheith chun tosaigh le himeachtaí frithmhaistíneachta a eagrú in aghaidh sheachtain na frithmhaistíneachta agus le dearcadh na ndaltaí a mheas le haghaidh na dúnghaoise frithmhaistíneachta a fheabhsú.

### Céim 6: Ag obair le chéile

B'fhéidir gur chóir don scoil scéim chomhchéime idirghabhála a chuir i bhfeidhm le ról dearfach a chur ar fáil do na daltaí scoile le theacht ar réiteach i gcás maistíneachta.

Ba chóir do na scoileanna cur in iúl do na daltaí gur cuireadh i bhfeidhm straitéisí frithmhaistíneachta agus gur cuid d'éiteas na scoile iad. Is léir ón taighde go gcothaítear maistíneacht ach go háirithe i scoil nach bhfuil meas ag na múinteoirí ar na daltaí (Kilkelly et al 2004). Mar sin, ba chóir straitéisí maistíneachta a fhógairt go poiblí mar cuid lárnach d'éiteas na scoile. Ní amháin go gcothaítear cultúr ina bhfuil cách páirteach leis na polasaithe scoile a chur i bhfeidhm ach mothaíonn na daltaí go bhfuil meas orthu agus tábhacht leo mar bhaill na scoile cionn is go bhfuil siad páirteach i mbainistíocht na scoile agus go bhfuil cluas le héisteacht ag na húdaráis.

### Eolas breise

- >> Is féidir comhairle de bhreis faoi choinne múinteoirí a íoslódáil ó www.kidscape.org.uk faoi na bealaí éagsúla atá ar fáil le polasaithe frithmhaistíneachta a léirmheas.
- >> Leis na polasaithe frithmhaistíneachta a léirmheas tá ceistneoirí féinmheasúnaithe le fáil ar an suíomh gréasáin ABA www.anti-bullyingalliance.org.uk agus ó Save the Children www.savethechildren.org.uk

NICCY
northern ireland commissioner
for children and young people